2026/2266

14.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2266 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Deireadh Fómhair 2026

lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2025/2205 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceadúnais tiomána mhóibíleacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2025/2205 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2025 maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(7) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an-dul chun cinn déanta maidir leis an gcreat teicniúil agus dlíthiúil is gá chun ceadúnais tiomána mhóibíleacha a chur chun feidhme agus a úsáid go forleathan, go háirithe caighdeáin ISO/IEC 18013-5 agus Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), chomh maith le gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo úsáid a bhaint as an gcreat sin, cur leis agus cómhaireachtáil go comhleanúnach leis.

(2) Chun críocha an Rialacháin seo, is gá sainmhínithe de bhreis orthu siúd atá i dTreoir (AE) 2025/2205 a leagan amach lena soláthraítear an tsoiléireacht is gá chun é a chur ar a gcumas d'eisitheoirí agus do shealbhóirí ceadúnas tiomána idirdhealú a dhéanamh idir na próisis agus na gníomhaíochtaí is gá chun bainistiú riaracháin a dhéanamh ar cheadúnais tiomána, i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin, agus iad siúd is gá chun na rialacha maidir le bainistiú teicniúil agus oibríochtúil ceadúnas tiomána móibíleach a chomhlíonadh, mar a bhunaítear faoin Rialachán seo.

(3) Chun a áirithiú go mbeidh siad idir-inoibritheach go teicniúil idir údaráis eisiúna, Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití ('Tiachóga') agus páirtithe is úsáideoirí, ba cheart do gach ceadúnas tiomána móibíleach tacar coiteann sonraíochtaí teicniúla a chomhlíonadh. Ba cheart na sonraíochtaí sin a ailíniú leis na prótacail eisiúna agus cur i láthair, chomh maith le formáidí fianaithe, a dtacaíonn Tiachóga leo, mar a rialaítear, go háirithe, le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2982 ón gCoimisiún ([3]).

(4) Ach na ceanglais theicniúla amháin a chomhlíonadh, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, níor cheart duine a bheith i dteideal ceadúnas tiomána móibíleach a bheith aige, ná níor cheart d'aon duine seachas an t-údarás eisiúna freagrach ná d'eintiteas a bhfuil sé de chúram air ceadúnais tiomána a eisiúint thar a cheann, ceadúnais tiomána a eisiúint, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha is infheidhme agus le Treoir (AE) 2025/2205.

([1]) IO L, 2025/2205, 5.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2205/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2982 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le prótacail agus comhéadain a bhfuil an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach le tacú leo (IO L, 2024/2982, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2982/oj).

(5) I dteannta na sonraíochtaí teicniúla ábhartha is infheidhme maidir le ceadúnais tiomána mhóibíleacha, ba cheart na doiciméid sin a eisiúint i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le ríomhdhearbhuithe saintréithe cáilithe, a fheidhmíonn mar phointe tagartha úrscothach d'iontaofacht ardleibhéil. Cumhdaítear leis na ceanglais sin, i measc nithe eile, bearta eagraíochtúla agus teicniúla, measúnuithe riosca spriocdhírithe, beartais agus cleachtais soláthair agus prótacail ábhartha eile ar cheart d'eisitheoirí ceadúnas tiomána móibíleach iad a chomhlíonadh maidir le ceadúnais den sórt sin a eisiúint, a oibriú agus a bhainistiú. I gcás soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, déanfaidh iniúchóirí neamhspleácha measúnú tráthrialta ar chomhlíonadh na gceanglas. Dá bhrí sin, ba cheart ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint mar ríomhdhearbhuithe saintréithe cáilithe nó mar ríomhdhearbhuithe saintréithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a gceann, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

(6) Chun cáilíocht agus iontaofacht na faisnéise a chuirtear faoi bhráid físoraitheoirí tríd an gceadúnas tiomána móibíleach a áirithiú, ba cheart oibleagáid ghinearálta a bhunú d'údaráis eisiúna chun a áirithiú go bhfuil na sonraí uile atá i gceadúnas tiomána móibíleach bailí cruinn. Féadfar é sin a dhéanamh, go háirithe, trí cheadúnas tiomána móibíleach nua a eisiúint don sealbhóir tar éis faisnéis a fháil faoi aon athrú faisnéise atá le háireamh ar cheadúnas tiomána móibíleach atá ann cheana agus, más ábhartha, trí cheadúnas tiomána móibíleach nach bhfuil cruinn a thuilleadh a chúlghairm. Mar an gcéanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir (AE) 2025/2205, ba cheart do na húdaráis eisiúna a áirithiú freisin go bhfuil na sonraí a thuairiscítear ar cheadúnas tiomána fisiceach agus móibíleach a eisítear don duine céanna go hiomlán coibhéiseach a mhéid a bhaineann leis na cearta agus na coinníollacha faoina bhfuil an duine sin údaraithe tiomáint, agus a mhéid a bhaineann lena mbailíocht riaracháin.

(7) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme creat cosanta sonraí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Thairis sin, chun na ráthaíochtaí a bunaíodh cheana i dTreoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a threisiú, agus chun a áirithiú go gcuirfear na páirtithe ábhartha uile ar an eolas go tráthúil faoi theagmhais slándála a dhéanann difear do bhailíocht nó d'eisiúint ceadúnas tiomána móibíleach, ba cheart oibleagáid chomhlántach a bhunú chun a áirithiú go dtabharfar fógra don Choimisiún faoi theagmhais den sórt sin i ngach cás. Thairis sin, ós rud é, i gcomhréir leis an Rialachán seo, gur cheart ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint mar ríomhdhearbhuithe saintréithe cáilithe nó mar ríomhdhearbhuithe saintréithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí earnála poiblí nó thar a gceann, ní gá rialacha breise maidir le cosaint eagraíochtúil sonraí ná bearta slándála ginearálta a bhunú a bhaineann leo siúd atá i gceist leis an tsonraíocht sin féin. Is amhlaidh atá toisc go ndéantar foráil cheana féin leis an gcreat a bunaíodh le haghaidh na gcineálacha sin ríomhdhearbhuithe saintréithe maidir leis leibhéal inmhianaithe cosanta sonraí pearsanta agus slándála ginearálta, mar shampla, trína cheangal ar eisitheoirí ceadúnas tiomána móibíleach barántúlacht, sláine, bailíocht agus neamhathrú saintréithe a ráthú, bearta eagraíochtúla leordhóthanacha a úsáid le linn a n-oibrithe, inrianaitheacht sonraí le linn a saolré a áirithiú, agus córas slándála a choinneáil ar bun a chomhlíonann na caighdeáin uile is infheidhme.

(8) Chun leas iomlán a bhaint as iontaofacht bhunúsach an cheadúnais tiomána mhóibíligh mar dhoiciméad digiteach, níor cheart d'fhíoraitheoirí brath ar leideanna amhairc agus an fhaisnéis a chuireann an sealbhóir i láthair á fíorú acu. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáid ghinearálta a bhunú d'fhíoraitheoirí ceadúnas tiomána móibíleach barántúlacht agus bailíocht ceadúnas tiomána móibíleach a fhíorú trí úsáid a bhaint as na modhanna teicniúla físoraithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar líonra an Aontais um cheadúnais tiomána arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) chun barántúlacht agus bailíocht ceadúnas tiomána móibíleach a fhíorú, agus lánúsáid á baint as an líonra sin, arb é is aidhm dó go sainráite aithint agus físoraitheoirí na ndoiciméad sin a éascú gan beann ar a bhformáid.

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

([6]) Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/126/oj).

(9) Ós rud é gur le fíorú teicniúil amháin is féidir barántúlacht agus sláine na gceadúnas tiomána móibíleach a áirithiú, ba cheart dearadh na n-eilimintí amhairc a bheith faoi fhreagracht dhearthóirí na dTiachóg i gcónaí. D'ainneoin sin, na Ballstáit a bhunaíonn a mboscaí uirlisí, a n-eilimintí deartha, a dtreoraíocht nó a gceanglais féin maidir le dreach fisiceach a gceadúnas tiomána móibíleach, ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoina n-ábhar, chun idir-inoibritheacht agus aitheantas frithpháirteach na ndoiciméad sin a éascú. Ba cheart don Choimisiún na boscaí uirlisí agus an treoraíocht sin a chur ar fáil do Bhallstáit eile. Ba cheart don Choimisiún dreach fisiceach na gceadúnas tiomána móibíleach a chuireann na Ballstáit in iúl dó a fhoilsiú freisin, chun go mbeidh cur amach ag an bpobal i gcoitinne orthu.

(10) Chun fíorú a éascú agus idir-inoibritheacht agus slándáil ceadúnas tiomána móibíleach a áirithiú, ba cheart rialacha áirithe a leagan síos maidir le bailíochtú na gceadúnas sin, ós rud é gurb é bailíochtú ceadúnais tiomána mhóibíligh a chuireann ar a chumas d'fhíoraitheoir a sheiceáil go bhfuil sé barántúil, bailí agus gur leis an duine a chuireann i láthair é é. Dá bhrí sin, ba cheart creat teicniúil agus oibríochtúil leormhaith a sholáthar do na húdaráis eisiúna chun go mbeidh siad in ann a áirithiú go leanfaidh ceadúnais tiomána mhóibíleacha agus an fhaisnéis atá iontu de bheith bailí agus cruinn. Ba cheart a áireamh i gcreat den sórt sin rialacha i ndáil le bailíocht riaracháin agus theicniúil ceadúnas tiomána móibíleach, dul in éag na gceadúnas sin agus, i gcás inar eisíodh an ceadúnas tiomána móibíleach le tréimhse bhailíochta theicniúil níos faide ná uair an chloig, an fhéidearthacht é a chúlghairm. Ceadúnas tiomána móibíleach a bhfuil a thréimhse bhailíochta theicniúil imithe in éag, níor cheart dó a bhailíocht riaracháin, mar a shonraítear in Airteagal 10(2) de Threoir (AE) 2025/2205, a chailleadh, ar an gcúis sin amháin.

(11) D'fhéadfadh sé gur ghá ceadúnas tiomána móibíleach a chúlghairm i gcás inar gá sin chun cur chun feidhme éifeachtach na gceadúnas sin a áirithiú. Dá bhrí sin, i gcásanna áirithe ba cheart údaráis eisiúna a bheith in ann ceadúnais tiomána mhóibíleacha a chúlghairm a bhfuil tréimhse bhailíochta theicniúil níos faide ná uair an chloig acu, arna n-eisiúint acu, lena n-áirítear i gcás ina ndearnadh dearbhú aonaid tiachóige aonaid tiachóige ar eisíodh ceadúnas tiomána móibíleach dó a chúlghairm, i gcás ina ndéanann Ballstát eile an ceadúnas tiomána a mhalartú nó a athsholáthar nó i gcás ina ndéantar an ceart tiomána a bhaineann leis an gceadúnas tiomána a chur ar ceal, a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh. Ba cheart an próiseas cúlghairme ina iomláine, lena n-áirítear tabhairt cothrom le dáta an liosta cúlghairme nó stádais atá le híoslódáil ag na fíoraitheoirí, a thabhairt i gcrích chomh tapa agus is féidir, agus láithreach agus go huathoibríoch más féidir, go háirithe i gcás nach léiríonn ceadúnas tiomána móibíleach reatha an tsealbhóra a gcearta tiomána go cruinn a thuilleadh, toisc, mar shampla, go bhfuil an ceadúnas á mhalartú nó á choigistiú. Níor cheart cúlghairm difear a dhéanamh, inti féin, do bhailíocht riaracháin an cheadúnais tiomána ná do na coinníollacha faoina bhfuil an sealbhóir údaraithe tiomáint.

(12) Ceanglaítear le hIarscríbhinn I, Cuid C, de Threoir (AE) 2025/2205 go gcuirfidh an fhaisnéis a tharchuirtear go díreach ón gceadúnas tiomána móibíleach a stóráiltear sa Tiachóg ar a gcumas do na húdaráis inniúla cearta tiomána an tsealbhóra a chinneadh, lena n-áirítear aon srian is infheidhme san Aontas nó ar chríoch Ballstáit. I gcásanna a bhaineann le roinnt Ballstát, inar cheart an ceadúnas tiomána a choigistiú láithreach, d'fhéadfadh sé a bheith deacair an fhoráil sin a chomhlíonadh gan comhar riaracháin rialáilte idir na Ballstáit ábhartha. Go háirithe, ós rud é nach féidir an gléas leictreonach a úsáidtear chun an ceadúnas tiomána móibíleach a thaispeáint a choigistiú ón sealbhóir faoi na coinníollacha céanna leis an gceadúnas tiomána fisiceach, ní féidir éifeachtaí coigistithe ceadúnais tiomána teacht chun cinn i gcás ceadúnais tiomána mhóibíleacha gan forálacha lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis an ábhar. Ós rud é go gcuirfeadh sé sin bac tromchúiseach ar chur chun feidhme éifeachtach Threoir (AE) 2025/2205 agus ar idir-inoibritheacht oibríochtúil ceadúnas tiomána móibíleach agus go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar shábháilteacht ar bhóithre, ba cheart nós imeachta tiomnaithe a bhunú chun ligean don Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige, ar bhonn a reachtaíochta náisiúnta, an ceadúnas tiomána a choigistiú a iarraidh ar an mBallstát eisiúna faisnéis maidir leis an gcoigistiú sin a áireamh ar an gceadúnas tiomána móibíleach, fad atá sé i bhfeidhm ar chríoch an Bhallstáit iarrthaigh. Ag deireadh thréimhse an choigistithe, ba cheart don Bhallstát eisiúna a áirithiú go gcuirfidh sé ceadúnas tiomána móibíleach ar fáil don sealbhóir nach léiríonn an fhaisnéis faoin gcoigistiú a thuilleadh.

(13) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir lena n-údaráis eisiúna ceadúnas tiomána móibíleach, ionas gur féidir leis an gCoimisiún liosta iontaofa d'údaráis eisiúna iontaofa a bhunú, mar a cheanglaítear le Treoir (AE) 2025/2205, lena gcuirtear ar a gcumas d'fhíoraitheoirí a fhíorú go huathoibríoch gurbh údarás eisiúna údaraithe a d'eisigh ceadúnas tiomána móibíleach. Ba cheart an t-ábhar atá le cur in iúl don Choimisiún a bheith i gcomhréir le tacar íosta faisnéise ábhartha. Thairis sin, ba cheart aon athrú ar an bhfaisnéis sin a chur in iúl don Choimisiún láithreach.

(14) Chun creat malartaithe na gceadúnas tiomána a ullmhú chun an ceadúnas tiomána móibíleach a thabhairt isteach, is gá caighdeáin a bhunú maidir le ceadúnais tiomána mhóibíleacha a mhalartú lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht oibríochtúil, rianúlacht theicniúil agus slándáil nós imeachta. Leis na rialacha sin, ba cheart cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le seasamh leis an bprionsabal 'sealbhóir amháin, ceadúnas amháin', mar a leagtar amach in Airteagal 10(5) de Threoir (AE) 2025/2205, lena n-áirithítear nach féidir rochtain a fháil ar cheadúnas tiomána atá malartaithe ná nach féidir é a úsáid in éineacht leis an gceadúnas tiomána nuafhaighte, agus an t-ionchas a bhfuil údar leis go bhfaighidh sealbhóirí ceadúnas tiomána a gceadúnas tiomána nua a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart nós imeachta mionsonraithe a chur i bhfeidhm lena gcuirfear san áireamh gach cás a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéid a bhaineann leis na formáidí inar féidir leis an sealbhóir ceadúnas tiomána a shealbhú agus a mhalartú, agus lena n-áiritheofar comhar rianúil tapa idir an Ballstát malartaithe agus an Ballstát eisiúna roimhe sin.

(15) Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh ceadúnais tiomána mhóibíleacha arna n-eisiúint ag tríú tíortha a bheith faoi réir malartú ag na Ballstáit freisin. Dá bhrí sin, is gá nósanna imeachta a shainiú atá le comhlíonadh nuair is mian le sealbhóirí na gceadúnas tiomána móibíleach sin iad a mhalartú san Aontas, lenar cheart, a mhéid is féidir go teicniúil, malartú na gceadúnas tiomána móibíleach sin a dhéanamh indéanta agus slán, agus ar an gcaoi sin slándáil nós imeachta na malartuithe sin a fheabhsú agus idir-inoibritheacht ghinearálta na gceadúnas tiomána móibíleach a fheabhsú. Ní hamháin gur cheart úsáid trasteorann ceadúnas tiomána móibíleach a chur chun cinn leis na nósanna imeachta sin ach ba cheart a áirithiú leo freisin go gcomhfhreagraíonn ceadúnais tiomána mhóibíleacha dá gcontrapháirtithe fisiceacha. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin nach féidir le sealbhóirí ceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag tríú tíortha an prionsabal 'sealbhóir amháin, ceadúnas amháin' a shárú, gan beann ar an bhformáid ina bhfuil a gceadúnas tiomána acu.

(16) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus thug an Maoirseoir a thuairim uaidh an 13 Iúil 2026.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Threoir (AE) 2025/2205,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceadúnais tiomána mhóibíleacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir (AE) 2025/2205 a eisiúint agus a bhainistiú agus, i gcás Airteagal 9, maidir le ceadúnais tiomána mhóibíleacha arna n-eisiúint ag tríú tíortha a mhalartú.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'oibiacht slándála móibíleach' struchtúr sonraí laistigh de cheadúnas tiomána móibíleach a úsáidtear chun sláine agus tionscnamh eilimintí sonraí an cheadúnais tiomána mhóibíligh sin a chosaint;

(2) ciallaíonn 'údarás eisiúna' comhlacht riaracháin phoiblí an Bhallstáit eisiúna ar faoina fhreagracht a eisítear an ceadúnas tiomána móibíleach;

(3) ciallaíonn 'tréimhse bhailíochta theicniúil' tréimhse bhailíochta na hoibiachta slándála móibílí;

(4) ciallaíonn 'cúlghairm' deireadh a chur le bailíocht oibiachta slándála mBailí ceadúnais tiomána mhóibíligh.

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 3

Eisiúint agus fírinneacht ceadúnas tiomána móibíleach

1. Áiritheoidh na húdaráis eisiúna go gcomhlíonfaidh na ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisíonn siad na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Eiseofar ceadúnais tiomána mhóibíleacha mar ríomhdhearbhuithe saintréithe cáilithe nó mar ríomhdhearbhuithe saintréithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a gceann, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Áiritheoidh na húdaráis eisiúna go n-úsáidfear na prótacail agus na comhéadain dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2982 chun ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint do Thiachóga Eorpacha Céannachta Digití.

3. Áiritheoidh na húdaráis eisiúna go mbeidh an fhaisnéis atá i gceadúnas tiomána móibíleach bailí cruinn.

Airteagal 4

Slándáil agus fíorú ceadúnas tiomána móibíleach

1. I gcás ina gceanglaítear ar údaráis eisiúna nó ar eintitis atá ag gníomhú thar a gceann teagmhais slándála a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 24(2), an chéad fhomhír, pointe (fb), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó le hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2022/2555, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na teagmhais slándála sin freisin, i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) déanann an teagmhas slándála difear d'eisiúint nó do bhailíocht ceadúnas tiomána móibíleach;

(b) de bhun na ngníomhartha reachtacha sin, ní chuirfí an Coimisiún ar an eolas faoin teagmhas slándála ar shlí eile.

2. Déanfar barántúlacht agus bailíocht ceadúnas tiomána móibíleach a fhíorú trí úsáid a bhaint as na modhanna teicniúla fíoraithe a leagtar síos i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

Féadfaidh na Ballstáit líonra an Aontais um cheadúnais tiomána a úsáid freisin chun bailíocht agus barántúlacht na gceadúnas tiomána a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) agus (2) de Threoir (AE) 2025/2205.

Airteagal 5

Dreach fisiceach ceadúnas tiomána móibíleach

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon eilimint dearaidh, treoraíocht nó ceanglas a bhunaíonn siad maidir le dreach fisiceach na gceadúnas tiomána móibíleach arna n-eisiúint acu. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit eile.

2. Foilseoidh an Coimisiún, ar a shuíomh gréasáin, dreach fisiceach na gceadúnas tiomána móibíleach arna gcur in iúl ag na Ballstát dó.

Airteagal 6

Bailíocht theicniúil agus bainistiú bailíochta ceadúnas tiomána móibíleach

1. Féadfaidh na húdaráis eisiúna ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint a mbeidh aon tréimhse bhailíochta theicniúil ag gabháil leo.

Gan dochar do bhailíocht riaracháin an cheadúnais tiomána, ar dhul in éag a thréimhse bailíochta teicniúla, rachaidh an ceadúnas tiomána móibíleach in éag.

2. Déanfaidh na húdaráis eisiúna ceadúnas tiomána móibíleach a d'eisigh siad lena mbaineann tréimhse bhailíochta theicniúil níos mó ná uair an chloig a chúlghairm sna himthosca seo a leanas ar a laghad:

(a) i gcás ina ndearnadh dearbhú aonaid tiachóige aonaid tiachóige ar eisíodh ceadúnas tiomána móibíleach dó a chúlghairm;

(b) i gcás inar chuir Ballstát eile nó tríú tír an Ballstát eisiúna ar an eolas gur iarr sealbhóir an cheadúnais tiomána a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a mhalartú nó gur cuireadh air é a mhalartú, agus inar chinn an Ballstát sin nó an tríú tír sin an ceadúnas tiomána a mhalartú;

(c) i gcás inar chuir Ballstát eile an Ballstát eisiúna ar an eolas gur iarr sealbhóir an cheadúnais tiomána mhóibíligh a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a athsholáthar, agus inar chinn an Ballstát sin an ceadúnas tiomána a athsholáthar;

(d) i gcás ina bhfuil a fhios ag an mBallstát eisiúna go bhfuil an ceadúnas tiomána, an t-aitheantas dá bhailíocht, nó an ceart tiomána curtha ar ceal, tarraingthe siar, curtha ar fionraí nó srianta;

(e) i gcás inar thug Ballstát eile fógra don Bhallstát eisiúna faoi choigistiú i gcomhréir le mír 3, an chéad fhomhír.

3. Le líonra an Aontais um cheadúnais tiomána, beifear in ann ceadúnais tiomána mhóibíleacha a bhainistiú i gcásanna ina bhfuil an ceadúnas tiomána le coigistiú ag údaráis ábhartha Ballstáit i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Déanfaidh líonra an Aontais um cheadúnais tiomána foráil maidir leis an bhféidearthacht d'úsáideoirí, arna n-údarú go sainráite ag an mBallstát ina bhfuil an ceadúnas tiomána le coigistiú, fógra a thabhairt don Bhallstát eisiúna faoi choigistithe den sórt sin.

Ar fhógra a fháil faoin gcéad fhomhír, déanfaidh an Ballstát eisiúna an méid seo a leanas:

(a) na céimeanna a dhéanamh láithreach chun na nósanna imeachta a fhorordaítear faoi phointí (b), (c) agus (d) a chomhlíonadh, lena n-áirítear tríd an gceadúnas tiomána móibíleach reatha a chúlghairm, a luaithe is féidir, má eisítear é agus tréimhse bhailíochta theicniúil is faide ná uair an chloig aige;

(b) úsáideoir an cheadúnais tiomána mhóibíligh reatha a chur ar an eolas, más ábhartha, go ndearnadh a cheadúnas tiomána móibíleach reatha a chúlghairm nó go ndéanfar é a chúlghairm go luath, agus go bhfuil ceadúnas tiomána móibíleach nua ar fáil lena eisiúint;

(c) arna iarraidh sin don sealbhóir, ceadúnas tiomána móibíleach nua a eisiúint don sealbhóir;

(d) an abairt seo a leanas a chur ann, san ainmspás ina bhfuil faisnéis ábhartha chun réimse 14 den cheadúnas tiomána móibíleach nua a chur chun feidhme, mar a leagtar amach i gCuid D, pointe (5), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2025/2205, agus de na ceadúnais tiomána mhóibíleacha uile ina dhiaidh sin a eiseoidh sé don sealbhóir, ina theanga oifigiúil féin nó i mBéarla:

'An [dáta an choigistithe], arna choigistiú ar chríoch [sainchomhartha AE an Bhallstát coigistithe]. Beidh an coigistiú i bhfeidhm go dtí [mar a bheidh curtha in iúl ag an mBallstát coigistithe trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána].'.

Beidh an abairt sin ann go dtí go mbeidh an tréimhse a shonrófar inti caite.

4. Beidh an nós imeachta a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo gan dochar do reachtaíocht náisiúnta na mBallstát maidir le ceadúnais tiomána a choigistiú, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht ceadúnas tiomána fisiceach a choigistiú in ionad na nósanna imeachta a leagtar amach sa mhír sin nó in éineacht leo, agus gan dochar do na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 15a go 15g de Threoir (AE) 2025/2205.

Airteagal 7

Fógraí chuig an gCoimisiún

1. Faoin 3 Samhain 2027, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin an fhaisnéis faoi údaráis eisiúna ceadúnas tiomána móibíleach a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfar an fhaisnéis sin a tharchur trí chainéal leictreonach slán arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi aon mhodhnú ar an bhfaisnéis arna cur faoin bhráid i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 8

Caighdeáin theicniúla, slándála agus idir-inoibritheachta oibríochtúla maidir le malartú nó athsholáthar trasteorann ceadúnas tiomána móibíleach

1. Mar chuid de na nósanna imeachta náisiúnta chun ceadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile a mhalartú, déanfaidh an Ballstát a dhéanann an malartú an méid seo a leanas:

(a) a sheiceáil cé na formáidí ina bhfuil ceadúnas tiomána ag an iarratasóir, mar chuid de na nósanna imeachta a fhorordaítear in Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2025/2205;

(b) tar éis na seiceálacha dá dtagraítear i bpointe (a) a bheith tugtha i gcrích go rathúil, fógra a thabhairt don Bhallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána faoin malartú trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána;

(c) más ábhartha, a cheangal go dtabharfar suas ceadúnas tiomána fisiceach an iarratasóra lena mhalartú.

Chun críocha na seiceálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), úsáidfidh an Ballstát iarrtha an fhaisnéis a chuirtear ar fáil trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána.

2. Tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), a fháil, déanfaidh an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána atá á mhalartú an méid seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil ceadúnas tiomána móibíleach ag sealbhóir an cheadúnais tiomána atá á mhalartú, déanfaidh sé gach ceann de na céimeanna seo a leanas:

(i) measúnú a dhéanamh, a luaithe is féidir agus i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta, an bhfuil an iarraidh cruinn agus nach bhfuil earráidí follasacha inti;

(ii) tar éis an mheasúnaithe i gcomhréir le pointe (i) a bheith tugtha i gcrích go rathúil, nó tar éis aon saincheist i ndáil leis an bhfógra a bheith réitithe:

— an ceadúnas tiomána móibíleach a chúlghairm, a luaithe is féidir, má eisítear é le tréimhse bhailíochta theicniúil is faide ná uair an chloig,

— más ábhartha, a chur in iúl don úsáideoir láithreach go ndearnadh a cheadúnas tiomána móibíleach reatha a chúlghairm nó go ndéanfar é a chúlghairm go luath,

— gealltanas a thabhairt láithreach gan an ceadúnas tiomána móibíleach atá á mhalartú a eisiúint a thuilleadh;

(iii) an Ballstát a dhéanann an malartú a chur ar an eolas láithreach faoi na céimeanna arna ndéanamh de bhun phointe (ii);

(b) i gcás nach bhfuil ceadúnas tiomána móibíleach ag sealbhóir an cheadúnais tiomána atá á mhalartú, cuirfidh sé in iúl láithreach agus go huathoibríoch don Bhallstát atá ag déanamh an mhalartaithe go bhfuil an fógra faighte aige.

3. Tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointe (a)(iii), nó i mír 2, pointe (b), den Airteagal seo a fháil, agus, más ábhartha, tar éis an ceadúnas tiomána fisiceach a bheith tugtha suas, déanfaidh an Ballstát a dhéanann an malartú ceann amháin ar a laghad de na céimeanna seo a leanas:

(a) an ceadúnas tiomána móibíleach malartaithe a chur ar fáil don sealbhóir lena eisiúint;

(b) ceadúnas tiomána fisiceach a eisiúint láithreach i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme.

4. I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Threoir (AE) 2025/2205, i gcás ina n-iarrfar ceadúnas tiomána a athsholáthar i mBallstát seachas an Ballstát eisiúna, cuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh an athsholáthair na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

Airteagal 9

Sonraíochtaí íosta teicniúla, slándála agus idir-inoibritheachta oibríochtúla chun ceadúnais tiomána mhóibíleacha arna n-eisiúint ag tríú tíortha a mhalartú

1. D'ainneoin dlíthe lena rialaítear aithint agus malartú ceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag tríú tíortha, i gcás ina ndéanann Ballstát foráil maidir le ceadúnas tiomána fisiceach arna eisiúint ag tríú tír a mhalartú, fiosróidh an Ballstát freisin an bhfuil an ceadúnas tiomána ag sealbhóir an cheadúnais tiomána fhisiciúil i bhformáid mhóibíleach freisin.

I gcás ina bhfuil an ceadúnas tiomána i bhformáid mhóibíleach ag sealbhóir an cheadúnais tiomána fhisicigh arna eisiúint ag an tríú tír freisin, déanfaidh Ballstát an mhalartaithe an dá chéim seo a leanas:

(a) a iarraidh ar an tríú tír an ceadúnas tiomána móibíleach atá á mhalartú a chúlghairm, agus gan an ceadúnas tiomána móibíleach malartaithe a eisiúint a thuilleadh don sealbhóir;

(b) a chlárú i gclár náisiúnta ceadúnas tiomána Bhallstát an mhalartaithe go raibh an ceadúnas tiomána malartaithe ar fáil i bhformáid mhóibíleach, chun an fhaisnéis sin a nochtadh trí líonra an Aontais Eorpaigh um cheadúnais tiomána.

2. D'ainneoin dlíthe lena rialaítear aithint agus malartú ceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag tríú tíortha, i gcás ina ndéanann Ballstát foráil maidir le malartú ceadúnais tiomána mhóibíligh arna eisiúint ag tríú tír nach bhfuil formáid fhisiceach aige, féadfaidh an Ballstát a mheas go bhfuil an ceadúnas tiomána móibíleach tugtha suas de réir bhrí Airteagal 15(5) de Threoir (AE) 2025/2205 má chomhlíontar gach ceann de na critéir seo a leanas:

(a) geallann an tríú tír a d'eisigh an ceadúnas tiomána móibíleach go ndéanfaidh sí foráil maidir le modh cumarsáide cobhsaí iontaofa leis an mBallstát a dhéanann an malartú;

(b) soláthraíonn an tríú tír a d'eisigh an ceadúnas tiomána móibíleach faisnéis iontaofa infhíoraithe don Bhallstát a dhéanann an malartú maidir leis na formáidí ina bhfuil a cheadúnas tiomána ag an sealbhóir;

(c) déanann an tríú tír a d'eisigh an ceadúnas tiomána móibíleach foráil maidir leis an bhféidearthacht don Bhallstát a dhéanann an malartú fógra a thabhairt don tríú tír faoi mhalartú an cheadúnais tiomána mhóibíligh ar bhealach iontaofa infhíoraithe, i gcás ina gcinnfidh an Ballstát í a chur ar an eolas;

(d) geallann an tríú tír a d'eisigh an ceadúnas tiomána móibíleach, arna iarraidh sin don Bhallstát a dhéanann an malartú, gan an ceadúnas tiomána móibíleach malartaithe a eisiúint a thuilleadh don sealbhóir agus é a chúlghairm laistigh de thréimhse ama réasúnta, agus ar bhealach infhíoraithe agus neamh-inchúlghairthe.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 3

1. Formáid ceadúnas tiomána móibíleach

Áiritheoidh na húdaráis eisiúna go n-eiseofar ceadúnais tiomána mhóibíleacha i bhformáid ISO/IEC-mdoc mar a shonraítear sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 ón gCoimisiún ([1]).

2. Samhail sonraí ceadúnas tiomána móibíleach

Beidh feidhm ag Clásal 7 de chaighdeán ISO/IEC 18013-5:2021 agus na hoiriúnuithe seo a leanas ag gabháil leis:

(1) i gClásal 7.2.1, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Beidh na heilimintí sonraí mDL mar a shainítear i dTábla 5 agus bainfidh siad leis na hainmspásanna a léirítear.';

(2) i dTábla 5, cuirfear colún nua 'Ainmspás' leis. I gcás na n-eilimintí sonraí a áirítear sa chaighdeán, cuirfear an luach 'org.iso.18013.5.1' isteach sa cholún 'Ainmspás';

(3) Déanfar na hiontrálacha seo a leanas i dTábla 5 a oiriúnú agus ní athrófar aon iontráil eile:

Sainaitheantóir	Airí oiriúnaithe	Luach sa chaighdeán	Luach a úsáidfear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Iarscríbhinn I, Cuid D, de Threoir (AE) 2025/2205
family_name	Sainmhíniú	Sloinne nó príomh-shainaitheantóir shealbhóir an mDL. Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	Réimse 1 – sloinne an tsealbhóra Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann
family_name	Láithreacht	É	É
given_name	Sainmhíniú	Céadainm/céadainmneacha, ainm/ainmneacha eile, nó sainaitheantóir tánaisteach shealbhóir an mDL. Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	Réimse 2 – ainmneacha eile an tsealbhóra Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sláine agus croífheidhmiúlachtaí na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití (IO L, 2024/2979, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2979/oj).

Sainaitheantóir	Airí oiriúnaithe	Luach sa chaighdeán	Luach a úsáidfear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Iarscríbhinn I, Cuid D, de Threoir (AE) 2025/2205
given_name	Láithreacht	É	É
birth_date	Sainmhíniú	An lá, an mhí agus an bhliain ar rugadh shealbhóir an mDL. Murab eol, an dáta breithe measta	An chéad chuid de Réimse 3 – dáta breithe
birth_date	Láithreacht	É	É
birth_place	Sainmhíniú	An tír agus an bardas nó an stát/cúige inar rugadh shealbhóir an mDL Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	An dara chuid de Réimse 3 – áit bhreithe Sainchomhartha an Bhallstáit mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, Cuid D, pointe (1), de Threoir (AE) 2025/2205, nó an stát, an cúige, an ceantar, nó an limistéar áitiúil nó an bardas, an chathair, an baile nó an sráidbhaile inar rugadh an t-úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine, nó, mura bhfuil sé cumhdaithe cheana, aon luach eile atá ar an gceadúnas tiomána fisiceach. Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann
birth_place	Láithreacht	R	É
issue_date	Sainmhíniú	An dáta a eisíodh an mDL	Réimse 4a – Dáta eisiúna an cheadúnais tiomána
issue_date	Formáid ionchódaithe	tdate nó fulldate	fulldate
issue_date	Láithreacht	É	É
expiry_date	Sainmhíniú	An dáta a rachaidh an mDL in éag	Réimse 4b – Dáta éagtha an cheadúnais tiomána
expiry_date	Formáid ionchódaithe	tdate nó fulldate	fulldate
expiry_date	Láithreacht	É	É

Sainaitheantóir	Airí oiriúnaithe	Luach sa chaighdeán	Luach a úsáidfear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Iarscríbhinn I, Cuid D, de Threoir (AE) 2025/2205
issuing_authority	Sainmhíniú	Ainm an údaráis eisiúna. Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	Réimse 4c – ainm an údaráis eisiúna Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann
issuing_authority	Láithreacht	É	É
administrative_number	Sainmhíniú	Uimhir rialúcháin iniúchóireachta arna sannadh ag an údarás eisiúna. Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	Réimse 4d – uimhir nach ionann í agus an uimhir faoi réimse 5, chun críoch riaracháin Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann
administrative_number	Láithreacht	R	R
document_number	Sainmhíniú	An uimhir arna sannadh nó arna ríomh ag an údarás eisiúna. Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	Réimse 5 – uimhir an cheadúnais tiomána Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b], litreacha san áireamh, agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann
document_number	Láithreacht	É	É
Portrait	Sainmhíniú	Macasamhail de phortráid shealbhóir an mDL. Féach 7.2.2	Réimse 6 – grianghraf den sealbhóir Féach 7.2.2
Portrait	Láithreacht	É	É
signature_usual_mark	Sainmhíniú	Íomhá de shíniú nó de ghnáthmharc shealbhóir an mDL, féach 7.2.7	Réimse 7 – síniú an tsealbhóra Féach 7.2.7
signature_usual_mark	Láithreacht	R	R

Sainaitheantóir	Airí oiriúnaithe	Luach sa chaighdeán	Luach a úsáidfear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Iarscríbhinn I, Cuid D, de Threoir (AE) 2025/2205
resident_address	Sainmhíniú	An áit ina bhfuil cónaí ar shealbhóir an mDL agus/nó ar féidir teagmháil a dhéanamh leis ann (sráid/uimhir tí, bardas etc.). Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann	Réimse 8 – áit chónaithe bhuan, nó seoladh poist, an tsealbhóra Ní úsáidfear sa luach ach carachtair Laidineacha 1[b] agus beidh 150 carachtar ar a mhéad ann
resident_address	Láithreacht	R	R

(4) i dTábla 5, cuirfear na rónna seo a leanas leis:

Ainmspás	Sainaitheantóir	An chiall atá leis	Sainmhíniú	Láithreacht	Formáid ionchódaithe
org.iso.18013.5.1.EU	driving_privileges_eu	Catagóirí feithiclí agus srianta/coinníollacha	Réimse 9 – catagóir na feithicle/na bhfeithiclí a bhfuil an sealbhóir i dteideal a tiomána/a dtiomána Réimse 10 – dáta céad eisiúna gach catagóire, ach amháin mura bhfuil sé sin ar fáil Réimse 11 – dáta éaga gach catagóire Réimse 12 – faisnéis bhreise/srian breise/srianta breise, i bhfoirm chóid, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, Cuid E, a ghabhann le Treoir (AE) 2025/2205	É	DrivingPrivilegesEU Féach 7.2.4
org.iso.18013.5.1.EU	administrative_information	Réimse 14, de réir Iarscríbhinn I, Cuid D, a ghabhann le Treoir (AE) 2025/2205	Réimse 14 – Iontráil faisnéise leis an mBallstát eisiúna atá fíor-riachtanach chun an ceadúnas a riar nó a bhaineann leis an tsábháilteacht ar bhóithre	R	tstr

Ainmspás	Sainaitheantóir	An chiall atá leis	Sainmhíniú	Láith-reacht	Formáid ionchódaithe
			Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith bunaithe, go háirithe, ar fhaisnéis a fhaightear ó Bhallstát eile agus féadfar a áireamh inti aon chealú, tarraingt siar, fionraí nó aon srian ar cheart tiomána tiománaí feithicle cumhacht-tiomáinte, ar a cheadúnas tiomána nó ar a ceadúnas tiomána, amhail ceadúnas tiomána atá teoranta do chatagóirí áirithe nó do chríoch Ballstát áirithe. Le comhaontú sonrach i scríbhinn ón sealbhóir, féadfar faisnéis nach mbaineann le riar an cheadúnais tiomána ná leis an tsábháilteacht ar bhóithre a chur isteach sa réimse seo freisin; ní athróidh cur isteach na faisnéise sin úsáid na míre mar cheadúnas tiomána ar aon bhealach		

(5) i gClásal 7.2.4, cuirfear an téacs seo a leanas leis:

‘Tá faisnéis i struchtúr pribhléidí tiomána an Aontais Eorpaigh ina dtugtar tuairisc ar phribhléidí tiomána an tsealbhóra i gcomhréir le Treoir (AE) 2025/2205.

Déanfar struchtúr pribhléidí tiomána an Aontais Eorpaigh a ionchódú mar CBOR agus déanfar é a fhormáidiú mar a leanas:

```
DrivingPrivilegesEU = [

    * DrivingPrivilegeEU

]


DrivingPrivilegeEU = {

    "vehicle_category_code": tstr    ;  Cód catagóire ceadúnas tiomána
                                        de réir Airteagal 6
                                        de Threoir (AE) 2025/2205
```

```
    ? "issue_date": full-date          ; Dáta céad eisiúna na catagóire
                                              [éigeantach ach amháin mura
                                              bhfuil sé ar fáil]
    "expiry_date": full-date           ; Dáta éaga na catagóire
    ? "codes": [+ CodeEU]
}


CodeEU = {
    "code": tstr                       ; Cód de réir Iarscríbhinn I, Cuid E, de
                                              Threoir (AE) 2025/2205
    ? "sign": tstr                     ; Síniú de réir ISO/IEC 18013-2
                                              Iarscríbhinn A
    ? "value": tstr                    ; Luach de réir ISO/IEC 18013-2
                                              Iarscríbhinn A
}
```

Beidh luach "<", "=", ">", nó teaglaim bhailí díobh, ag an bpéire "sign", más ann dó. Má tá an péire "sign" ann, beidh an péire "value" ann freisin. Uimhir dheachúlach a bheidh sa luach, arna ionchódú mar theaghrán téacs. Tabharfar an t-aonad ina léirítear an luach sa sainmhíniú ar an bhfochatagóir feithicle nó sa tuairisc ar an gcód.

NÓTA 3 D'fhéadfadh struchtúr `DrivingPrivilegesEU` a bheith ina eagar folamh.

Má tá catagóir nach leagtar amach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2025/2205 i measc catagóirí na feithicle nó na bhfeithiclí atá an sealbhóir i dteideal a thiomáint, féadfar an chatagóir sin a áireamh in ainmspás sonrach Ballstáit, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le hainmspásanna intíre i gClásal 7.2.8.'

IARSCRÍBHINN II

Fógraí maidir le faisnéis faoi údaráis eisiúna ceadúnas tiomána móibíleach agus maidir leis na sásraí lenar féidir ceadúnais tiomána mhóibíleacha a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú

Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Choimisiún maidir le gach údarás eisiúna ceadúnas tiomána móibíleach:

(a) ainm an údaráis eisiúna;

(b) i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an údaráis eisiúna;

(c) cód tíre an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás eisiúna bunaithe;

(d) ríomhphost teagmhála agus uimhir theileafóin theagmhála an údaráis eisiúna, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisíonn sé;

(e) URL an leathanaigh gréasáin ar a bhfuil beartais, téarmaí agus coinníollacha an údaráis eisiúna, is infheidhme maidir le soláthar agus úsáid na gceadúnas tiomána móibíleach a eisíonn sé;

(f) i gcás inarb infheidhme, URL an leathanaigh gréasáin ar a bhfuil faisnéis bhreise faoin údarás eisiúna;

(g) torthaí na tástála idir-inoibritheachta, i gcomhréir le teimpléad atá le soláthar ag an gCoimisiún;

(h) deimhniú amháin nó níos mó a bhfuil cód tíre aige nó acu a mheaitseálann cód tíre an Bhallstáit faoi phointe (c) agus a chomhlíonann clásal 7 nó 8 de ETSI TS 119 412-6 v1.2.1 (2026-04) ([1]) a fhéadfar a úsáid chun fíorú a dhéanamh ar an síniú nó ar an séala a chruthaigh an t-údarás eisiúna ar na ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisíonn sé, agus a n-áirítear sna sonraí céannachta deimhnithe ainm, agus i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an údaráis eisiúna, mar a shonraítear i bpointí (a) agus (b), faoi seach.

([1]) Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 6: Ceanglais maidir le próifílí deimhnithe le haghaidh soláthraithe sonraí sainaitheantais duine, tiachóg, ríomhdhearbhuithe saintréithe, ríomhdhearbhuithe saintréithe cáilithe agus ríomhdhearbhuithe saintréithe comhlachtaí earnála poiblí.